AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 8.12.2022
SWD(2022) 394 final

DOICIMÉAD INMHEÁNACH OIBRE DE CHUID AN CHOIMISIÚIN

ACHOIMRE FEIDHMIÚCHÁIN AR AN TUARASCÁIL AR AN MEASÚNÚ TIONCHAIR

a ghabhann leis na doiciméid

Togra le haghaidh TREOIR ÓN gCOMHAIRLE lena leasaítear Treoir 2006/112/CE a mhéid a bhaineann le rialacha CBL don ré dhigiteach

Togra le haghaidh RIALACHÁN ÓN gCOMHAIRLE lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 904/2010 a mhéid a bhaineann leis na socruithe comhair riaracháin CBL is gá don ré dhigiteach

Togra le haghaidh RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME ÓN gCOMHAIRLE lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 282/2011 a mhéid a bhaineann le ceanglais faisnéise le haghaidh scéimeanna áirithe CBL

{COM(2022) 701 final} - {COM(2022) 703 final} - {COM(2022) 704 final} -
{SEC(2022) 433 final} - {SWD(2022) 393 final}

Achoimre Feidhmiúcháin

Measúnú tionchair ar CBL sa ré dhigiteach

A. An gá atá le beart

Cén fhadhb atá ann agus cén fáth ar fadhb í ar leibhéal an Aontais?

Cruthaítear fadhb de dhá ghné leis an neamhréireacht idir na rialacha CBL 30 bliain d'aois agus an réaltacht dhigiteach atá ann faoi láthair:

1. **Bailiú agus smachtú fo-optamach** – níl creat reachtach CBL an Aontais oiriúnaithe go hiomlán chun an réaltacht dhigiteach nua a láimhseáil agus tá sé tugtha do chalaois.
2. **Ualaí agus costais chomhlíontachta iomarcacha** – cruthaítear dúshláin agus costais nua leis an ngeilleagar digiteach agus múnlaí gnó nua le haghaidh riaracháin chánach agus gnólachtaí.

Níl aghaidh á tabhairt go hiomlán faoi láthair ar na dúshláin agus na tairbhí féideartha a bhaineann le digitiú i dtéarmaí smachtú/troid in aghaidh calaoise agus laghdú ualaigh. Tá na fadhbanna infheicthe go háirithe i dtrí réimse ar leith: (1) Tuairisciú CBL (ceanglais tuairiscithe dhigitigh ('CTD')), nuair nach bhfuil an oibleagáid tuairiscithe digiteach agus nuair atá Ballstáit ag tabhairt CTDanna éagsúla isteach ar bhealach neamh-chomhordaithe; (2) Cóireáil CBL an gheilleagair ardán, nuair nach gcaitear le gnólachtaí traidisiúnta agus digiteach mar an gcéanna; agus (3) clárúchán CBL, nuair is féidir líon na n-uaireanta a chaithfidh gnólachtaí clárú i níos mó ná Ballstát amháin a laghdú fós. Baineann na rialacha CBL le haghaidh thrádáil trasteorann an Aontais le níos mó ná Ballstát amháin, i ngeall ar an gcineál rialach atá i gceist leo, agus is cáin í CBL a dhéantar a chomhchuibhiú ar leibhéal an Aontais Eorpaigh.

Cad é ba cheart a bhaint amach?

Baineann na cuspóirí ginearálta de chuid an tionscnaimh CBL sa ré dhigiteach leis an gcóras CBL a nuachóiriú: (1) Bailiú agus smachtú CBL a fheabhsú; agus (2) rialacha CBL áirithe a shimpliú, a nuachóiriú agus a shoiléiriú.

Is iad cuspóirí sonracha an tionscnaimh ná: i) feabhas a chur ar cheanglais tuairiscithe, chun na deiseanna a sholáthraítear le digitiú a dhíghlasáil; ii) cóineasú agus idir-inoibritheacht na gcóras TF a chur chun cinn; iii) cothroime iomaíochta a chruthú le haghaidh gnólachtaí, gan beann ar a múnla gnó; iv) ualach, ilroinnt agus costais ghaolmhara a laghdú; agus v) an gá le clárú le haghaidh CBL i dtíortha éagsúla an Aontais a íoslaghdú.

Cad é an breisluach atá le gníomhaíocht a dhéanamh ar leibhéal an Aontais (coimhdeacht)?

Éilíonn an ghné de chaolais CBL laistigh den Aontas idirghabháil ón Aontas. Léiríonn méid na bearna CBL[1] (agus a leanúnachas le himeacht ama) nach bhfuil ionstraimí náisiúnta leordhóthanach chun calaois trasteorann agus ríomhthráchtáil a throid, nach féidir í a throid go

[1] Is éard atá sa Bhearna CBL an difríocht fhoriomlán idir an t-ioncam CBL a bhfuil coinne leis bunaithe ar reachtaíocht CBL agus rialacháin choimhdeacha agus an méid a bhailítear go hiarbhír: https://ec.europa.eu/taxation_customs/business/vat/vat-gap_en.

héifeachtúil agus go héifeachtach ach trí ghníomhaíocht chomhordaithe agus cur i bhfeidhm aonfhoirmeach ar leibhéal an Aontais Eorpaigh.

Is gá rialacha CBL comhchuibhithe a bheith ann chun feidhmiú iomchuí an mhargaidh aonair a chinntiú. Chun an tairbhe is mó a bhaint amach as an margadh aonair, is gá rialacha CBL a bheith ag gnólachtaí a chuirtear i bhfeidhm go haonfhoirmeach ar fud an Aontais in ionad an ceanglas a bheith orthu le rialacha éagsúla a chomhlíonadh ar an leibhéal náisiúnta. Ní féidir é seo a áirithiú trí ghníomhaíocht ach ar leibhéal an Aontais Eorpaigh.

B. Réitigh

Cad iad na roghanna éagsúla lenar féidir na cuspóirí a ghnóthú? An bhfuil rogha thosaíochta ann nó nach bhfuil? Mura bhfuil, cén fáth nach bhfuil?

Is féidir na cuspóirí a bhaint amach trí mheascán de roghanna beartais éagsúla i dtrí réimse ar leith.

- **Tuairisciú CBL**: is iad seo a leanas na roghanna: (1) CTD de chuid an Aontais a mholadh; (2) iarraidh ar ghnólachtaí sonraí idirbhirt a thaifeadadh i bhformáid (i bhformáidí) réamhchinntithe; (3) CTD a thabhairt isteach ar leibhéal an Aontais; agus (4) CTD a thabhairt isteach ar leibhéal an Aontais agus ar an leibhéal intíre araon.
- **Cóireáil CBL an gheilleagair ardán**: is iad seo a leanas na roghanna: (1) soiléiriú dlíthiúil ar chineál na seirbhísí a sholáthraítear agus stádas an tsoláthróra, in éineacht le cuíchóiriú na n-oibleagáidí taifead a choimeád; (2) foráil 'soláthróir measta' a thabhairt isteach, nuair a bhailíonn an t-ardán an CBL ar an soláthar le haghaidh (i) seirbhísí áirithe lóistín agus iompair, (ii) gach aon seirbhís lóistín agus iompair nó (ii) gach aon seirbhís a sholáthraítear trí ardáin.
- **Clárúchán CBL**: baineann na roghanna le trádáil laistigh den Aontas (an t-ionad ilfhreastail nó OSS) agus coinsíneachtaí ar luach íseal a allmhairiú (an t-ionad ilfhreastail allmhairiúcháin nó IOSS):
    - Áirítear seo a leanas leis na roghanna OSS: (1) mion-síneadh OSS a chumhdaíonn gach soláthar earraí Gnólacht le Tomhaltóir[2] intíre; (2) síneadh OSS níos leithne a chumhdaíonn gach soláthar earraí Gnólacht le Tomhaltóir intíre agus an t-aistriú trasteorann d'earraí (dílse); agus (3) an tabhairt isteach de tháille aistrithe le haghaidh soláthairtí gnólacht le gnólacht[3] ó dhaoine neamh-bhunaithe;
    - Áirítear seo a leanas leis na roghanna IOSS: (1) an IOSS a dhéanamh éigeantach le haghaidh a) soláthróirí measta, b) daoine inchánacha a dhíolann isteach go dtí an tAontas ó chian thar theorainn áirithe, nó c) daoine inchánacha a dhíolann isteach go dtí an tAontas ó chian gan teorainn; agus (2) an tairseach EUR 150 leis an IOSS a úsáid a bhaint.

Cion is go ligtear leis an líon iomlán roghanna sna trí fhadhb-réimse na céadta comhcheangal féideartha, measadh cúig chur chuige leanúnacha (status quo, íostach, measartha, breisithe agus

[2] Gnólacht-le-Tomhaltóir.
[3] Gnólacht-le-Gnólacht.

uasta) a mhéadaíonn déine idirghabháil an Aontais diaidh ar ndiaidh.

Tá an cur chuige breisithe (a chuireann tabhairt isteach na CTDanna ar leibhéal an Aontais Eorpaigh, foráil soláthróra mheasta le haghaidh gach earnáil lóistín agus iompair agus comhcheangal síneadh OSS níos leithne, táille aistrithe agus IOSS éifeachtach le chéile) níos cothroime i dtéarmaí éifeachtachta, comhréireachta agus coimhdeachta, cé go bhfuil an éifeachtúlacht is fearr ag an gcur chuige uasta (lena n-áirítear CTDanna intíre, gach aon seirbhís a sholáthraítear trí ardáin agus baint an tairsí IOSS EUR 150 ar a bharr sin).

Cad iad tuairimí na bpáirtithe leasmhara éagsúla? Na páirtithe leasmhara éagsúla agus na bearta is rogha leo

D'aontaigh páirtithe leasmhara go raibh coinbhleacht ann idir na sean-rialacha CBL agus ré dhigiteach an lae inniu. Maidir le **tuairisciú CBL**, d'aontaigh siad go bhféadfadh CTD tairbhí a thabhairt agus nochtaigh siad a gclaontacht le haghaidh réiteach ríomhshonraiscthe ar féidir a úsáid freisin le haghaidh a n-uathoibrithe inmheánaigh. D'éiligh na Ballstáit níos mó neamhspleáchais chun cinneadh a dhéanamh maidir le CTD intíre. D'aithin páirtithe leasmhara na fadhbanna go ginearálta a bhaineann leis an **ngeilleagar ardán**. Tá barúlacha de chuid an ghnó níos mion-difriúla ag brath ar a múnla gnó. Iad siúd a mbeadh tionchar ag na fadhbanna orthu, dhiúltaigh siad go ginearálta don fhoráil maidir le 'soláthróir measta' agus léirigh siad gurbh fhearr leo an status quo. Maidir le **clárúchán CBL**, d'aontaigh na páirtithe leasmhara d'aon toil go gcaithfear síneadh a chur leis an raon feidhme OSS/IOSS. D'iarr gnólachtaí sásra asbhainte a áireamh san OSS nó, ar a laghad, sa táille aistrithe le haghaidh soláthairtí Gnólacht le Gnólacht ó dhaoine neamh-bhunaithe. Tá tacaíocht ann freisin le haghaidh an IOSS a dhéanamh éigeantach, ach tá níos lú ann le haghaidh an tairseach EUR 150 a bhaint.

C. Tionchar na rogha tosaíochta

Cé na tairbhí a bhaineann leis an rogha thosaíochta (más ann di; murab ann, cad iad tairbhí na bpríomhroghanna)?

Tá an cur chuige breisithe níos cothroime agus tá scór níos fearr aige i dtéarmaí comhréireachta agus coimhdeachta. Idir 2023 agus 2032, tá coinne leis idir EUR 172 bhilliún agus EUR 214 bhilliún glantionchar a thabhairt isteach in aghaidh na bonnlíne. Tá scór níos fearr ag an gcur chuige uasta i dtéarmaí na héifeachtúlachta, le glantionchair i raon idir EUR 303 bhilliún agus EUR 386 bhilliún.

Sábhálfar EUR 50,6 billiún leis an gcur chuige breisithe idir 2023 agus 2032:

- EUR 41,4 billiún ó thuairisciú CBL (EUR 11 bhilliún ó oibleagáidí tuairiscithe a bhaint, EUR 24,2 billiún ó chostais ilroinnte a laghdú, EUR 4,3 billiún trí thuairisceáin CBL atá líonta isteach cheana féin a úsáid, agus EUR 1,9 billiún ó thairbhí ríomhshonraiscthe);
- EUR 0,5 billiún ó chuíchóiriú agus soiléirithe i ndáil leis an ngeilleagar ardán;
- EUR 8,7 billiún ó oibleagáidí maidir le clárú CBL a bhaint.

Idir 2023 agus 2032, tá an méid a shábhálfar leis an gcur chuige uasta níos airde agus is ionann iad agus EUR 65,9 billiún: EUR 56,7 billiún ó thuairisciú CBL (EUR 11 bhilliún ó oibleagáidí tuairiscithe a bhaint, EUR 24,2 billiún ó chostais ilroinnte a laghdú, EUR 7 billiún trí thuairisceáin CBL atá líonta isteach cheana féin a úsáid, agus EUR 14,5 billiún ó thairbhí ríomhshonraiscthe), EUR 0,5 billiún ó chuíchóiriú agus soiléirithe i ndáil leis an ngeilleagar

ardán, agus EUR 8,7 billiún ó oibleagáidí clárúcháin CBL a bhaint.

Le haghaidh an dá chur chuige, tá tairbhí comhshaoil, sóisialta agus uathoibrithe gnó ann, chomh maith le tairbhí a bhaineann le feidhmiú an mhargaidh aonair (cothrom iomaíochta níos fearr) agus le héifeachtúlacht rialaithe cánach.

Cad iad costais na rogha tosaíochta (más ann dóibh, murab ann, cad iad costais na bpríomhroghanna)?

Ar ghnólachtaí a bheidh costais an ualaigh riaracháin bhreise ag teacht ó thabhairt isteach na CTDanna. Idir 2023 agus 2032, tá coinne leis go mbeidh sna costais seo EUR 11,3 billiún le haghaidh an chur chuige bhreisithe agus EUR 43,5 billiún le haghaidh an chur chuige uasta. Beidh na costais chur chun feidhme atá bainteach le tabhairt isteach CTDanna ar údaráis Chánach, a bhfuil coinne leo le bheith thart ar EUR 2,2 billiún sa chur chuige breisithe agus EUR 3,4 billiún sa chur chuige uasta.

Tá costais cháilíochtúla ann freisin atá bainteach le rúndacht sonraí. Tá coinne leis go mbeidh siad sin níos airde le haghaidh an chur chuige uasta, a bhfuil tuilleadh aistrithe sonraí i gceist leis, ná le haghaidh an chur chuige bhreisithe. I limistéar an gheilleagair ardán, baineann ualaí breise le riarachán na scéime soláthróra mheasta (tá tionchar ar thuilleadh earnálacha sa chur chuige uasta). Níl aon chostas le haghaidh gnólachtaí as an raon feidhme chlárúchán CBL a shíneadh, agus gheobhaidh siad tairbhe níos mó as córais atá i láthair cheana féin.

Cén tionchar a imreofar ar FBManna agus ar an iomaíochas?

Gintear costais ar ghnólachtaí as **CTD Aontais** a thabhairt isteach. Beidh an t-ualach sin níos airde le haghaidh fiontar beag agus micrifhiontar, a mhéid gur lú dóchúlachta go dtairbheoidh siad d'uathoibriú gnó agus gur lú dóchúlachta go bhfeidhmeoidh siad ar bhonn trasteorann. Faoi na roghanna le haghaidh **na scéime soláthróra mheasta**, choinneodh an t-ardán cuntas ar an CBL in ionad na soláthróirí foluiteacha beaga. Ciallaíonn sé sin nach gá do na soláthróirí foluiteacha sin clárú agus cuntas a choinneáil ar an CBL iad féin agus nach mbeadh aon ualach breise orthu. Maidir le **clárúchán CBL**, tairbheoidh 280 000 FBM ó shíneadh raon feidhme an OSS/IOSS, a shábhálfar suas le EUR 0,34 billiún i gcostais aonuaire agus suas le meán de EUR 0,67 billiún i gcostais bhliantúla agus leanúnacha, arb ionann sin agus EUR 7 mbilliún le haghaidh 2023-2032.

An imreofar tionchar suntasach ar bhuiséid náisiúnta agus ar údaráis riaracháin náisiúnta?

Tá coinne le hioncam CBL breise idir EUR 135 bhilliún agus EUR 177 mbilliún (0,1 % de OTI meán bliantúil in aghaidh na bliana, 2023-2032) i gcás an chur chuige bhreisithe agus tá coinne le hioncam CBL breise idir EUR 284 bhilliún agus EUR 367 mbilliún (0,2 % go meán bliantúil OTI in aghaidh na bliana, 2023-2032) i gcás an chur chuige uasta.
Idir 2023 agus 2032, tá coinne leis go mbeidh costais chur chun feidhme ar rialtais náisiúnta idir EUR 2,2 billiún (cur chuige breisithe) agus EUR 3,4 billiún (cur chuige uasta).

An mbeidh aon tionchar suntasach eile i gceist?

Níor sainaithníodh aon tionchar suntasach eile.

Comhréireacht?

Comhlíontar cuspóirí an tionscnaimh leis an gcur chuige breisithe agus uasta araon ar bhealach comhréireach, ach tá cuma ar an gcur chuige breisithe go bhfuil sé níos comhréirí.
D. Iarobair
Cathain a dhéanfar athbhreithniú ar an mbeartas?
Déanfaidh an Coimisiún meastóireacht ar fheidhmiú na reachtaíochta nua 5 bliana tar éis di teacht i bhfeidhm.